2026/1942

14.8.2026

CINNEADH (AE) 2026/1942 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 30 Iúil 2026

maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa *(BCE/2026/18)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 28 de,

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([2]), agus go háirithe Airteagal 26 de.

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh.1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([3]), agus go háirithe Airteagal 4(3) agus Airteagail 6(1) agus (7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Sásra Aonair Maoirseachta Aonair (SAM) comhdhéanta den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) agus de gach údarás inniúil náisiúnta (NCA) le chéile. Comhlíonann BCE agus ÚINanna cúraimí maoirseachta maidir le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Agus na cúraimí maoirseachta sin á ndéanamh acu, féadfaidh BCE agus ÚINanna sonraí pearsanta a phróiseáil.

(2) Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil agus cúraimí maoirseachta á ndéanamh acu, cinneann BCE agus ÚINanna go comhpháirteach críocha agus modhanna na próiseála. Déantar na críocha próiseála sonraí pearsanta a chinneadh go comhpháirteach mar thoradh ar eagrú na hoibre laistigh de SAM lena mbaineann comhar idir BCE agus na hÚINanna.

(3) Dá bhrí sin, measfar BCE agus gach ÚIN a bheith ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, maidir le BCE, agus Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679, maidir le ÚINanna, i ndáil leis na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéantar agus cúraimí maoirseachta á ndéanamh.

(4) Foráiltear le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679 nach mór do na rialaitheoirí comhpháirteacha a bhfreagrachtaí faoi seach a chinneadh, trí bhíthin socrú eatarthu, maidir leis na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, faoi seach. Ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach SAM a bhfuil BCE freagrach as faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, agus ar mhaithe le trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí socrú den sórt sin a bhunú trí bhíthin cinneadh ó BCE arna ghlacadh i gcomhairle leis na ÚINanna i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(5) Ba cheart do na rialaitheoirí comhpháirteacha sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha na gcúraimí maoirseachta seo a leanas: (a) nósanna imeachta cuí córa d'eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht; (b) nósanna imeachta údarúcháin; (c) maoirsiú leanúnach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht; (d) forfheidhmiú agus smachtbhannaí, cé is moite de nósanna imeachta sonracha áirithe; (e) cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht; (f) formhaoirseacht ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach; agus (g) maoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.
([2]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj.
([3]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj.

(6) I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhthéacs nósanna imeachta faoi Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón tráth a thugann BCE fógra don ÚIN go gceanglaíonn sé air imeachtaí a thionscnamh; i gcomhthéacs nósanna imeachta faoi Airteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) ([4]) ón tráth a thugann BCE fógra don ÚIN faoina iarraidh, agus i gcás ina bhfuil bunús dlí ann chun sonraí pearsanta a phróiseáil atá éagsúil le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ba cheart gach ÚIN a bheith ina rialaitheoir aonair. I gcás aon phróiseáil sonraí pearsanta i ndáil le tuairiscí ar sháruithe ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa arna gcur isteach trí shásra sceithireachta BCE nó ÚIN, ba cheart BCE nó ÚIN, faoi seach, a bheith ina rialaitheoir aonair.

(7) Chun Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, ba cheart róil agus gaoil faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha i leith na n-ábhar sonraí a leagan amach sa Chinneadh seo agus an chaoi a gcuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha bunbhrí an tsocraithe ar fáil do na hábhair sonraí a rialú.

(8) Tugann eagrú na hoibre laistigh de SAM le tuiscint gurb iondúil nach ndéanann ach beirt rialaitheoirí comhpháirteacha nó roinnt rialaitheoirí comhpháirteacha cúram maoirseachta i ndáil le heintiteas faoi mhaoirseacht agus go ndéanann siad na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta gaolmhara. Dá bhrí sin, is iomchuí a chur san áireamh sa chinneadh maidir le freagrachtaí faoi seach na rialaitheoirí comhpháirteacha de bhun Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679 cé hiad na rialaitheoirí comhpháirteacha a dhéanann an cúram maoirseachta sonrach i ndáil le heintiteas faoi mhaoirseacht. Tá an cur chuige sin maidir le freagrachtaí na rialaitheoirí comhpháirteacha faoi seach a chinneadh ábhartha go háirithe i gcomhthéacs faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí, iarrataí ó ábhair sonraí a láimhseáil agus fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta faoi sháruithe ar shonraí pearsanta a bhaineann leis na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an rialaitheoir comhpháirteach sin.

(9) Ba cheart don rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a bhainistiú. Sa chás nach dóchúil nach bhféadfar an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach a chinneadh go tapa, ba cheart go mbeadh na rialaitheoirí comhpháirteacha go léir freagrach as an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a bhainistiú. I gcás den chineál sin, is iomchuí go gcomhordóidh na rialaitheoirí comhpháirteacha uile le chéile d'fhonn a n-oibleagáidí faoi seach maidir le fógra a thabhairt don údarás maoirseachta agus a n-oibleagáidí cumarsáide leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. I gcás ina gcuirtear sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí, is gá é sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach chun iliomad cumarsáidí nó cumarsáidí neamhréireacha a sheachaint. Ba cheart do BCE fógra a thabhairt i ngach cás don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi gach sárú i ndáil le sonraí pearsanta, mura rud é nach dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

(10) Ba cheart do gach rialaitheoir comhpháirteach leanúint de bheith freagrach ar bhonn aonair as taifead a choinneáil de na gníomhaíochtaí próiseála a thagann faoina fhreagracht; na tréimhsí a chinneadh ar lena linn a stórálfar na sonraí pearsanta; cinneadh a dhéanamh srian a chur ar chur i bhfeidhm chearta an ábhair sonraí, i gcás inar gá agus inar comhréireach nó chun aon eisceachtaí a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/679; dlíthiúlacht, riachtanas agus comhréireacht aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a shainaithint agus a mheasúnú; agus na próiseálaithe a phróiseálann sonraí pearsanta thar a cheann a fhostú.

(11) Tá na rialaitheoirí comhpháirteacha faoi dhliteanas i leith damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2018/1725, maidir le BCE, agus Airteagal 82 de Rialachán (AE) 2016/679, maidir le gach ÚIN. Tá gach ceann de na rialaitheoirí comhpháirteacha faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith na n-ábhar sonraí, agus ba chóir, dá bhrí sin, dáileadh an chúitimh a íoctar idir na rialaitheoirí comhpháirteacha a rialáil.

(12) Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh d'infheidhmeacht gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá i seilbh BCE chuig institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, agus chuig cúirteanna agus údaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta,

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán SAM) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/468/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach sa Chinneadh seo leithdháileadh na ról agus na bhfreagrachtaí faoi seach idir na rialaitheoirí comhpháirteacha, gur BCE agus na hÚINanna iad, maidir le comhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725, a bhaineann le BCE, agus Rialachán (AE) 2016/679, a bhaineann le ÚINanna, agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus na cúraimí maoirseachta a liostaítear i mír 2 á ndéanamh acu.

2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus na cúraimí maoirseachta seo a leanas á ndéanamh:

(a) nósanna imeachta oiriúnacha agus cuí d'eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht;

(b) nósanna imeachta údarúcháin;

(c) maoirseacht leanúnach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht;

(d) forfheidhmiú agus smachtbhannaí, cé is moite de phróiseáil sonraí pearsanta ag ÚINanna ag gníomhú dóibh de bhun Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón tráth a thugann BCE fógra don ÚIN go gceanglaíonn sé ar ÚIN imeachtaí a thionscnamh, agus nósanna imeachta faoi Airteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) ón tráth a thugann BCE fógra don ÚIN faoina iarraidh;

(e) cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht;

(f) formhaoirseacht ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach;

(g) maoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach.

Maidir le gach cúram maoirseachta, leagtar amach sna hIarscríbhinní ábhar, cineál agus cuspóir na próiseála, an bunús dlí atá leis an bpróiseáil, na hábhair sonraí lena mbaineann agus catagóirí na sonraí pearsanta a phróiseáiltear.

3. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndáil le tuairiscí ar sháruithe ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa arna dtíolacadh trí shásra sceithireachta BCE nó ÚIN. Ní bheidh feidhm aige ach oiread i gcás ina bpróiseálann ÚINanna sonraí pearsanta faoi bhunús dlí seachas Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

4. Tá an Cinneadh seo gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá i seilbh BCE chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus chuig cúirteanna agus údaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), mura bhforáiltear a mhalairt, mar aon leis na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'próiseáil' próiseáil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó in Airteagal 4, pointe (2), de Rialachán (AE) 2016/679;

(2) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679;

(3) ciallaíonn 'údarás inniúil náisiúnta' (ÚIN) údarás inniúil náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);

(4) ciallaíonn 'cúram maoirseachta' cúram a thugtar do BCE faoi Airteagal 4(1) agus (2) agus a dhéantar faoi chuimsiú Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(5) ciallaíonn ‘rialaitheoir’ rialaitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679;

(6) ciallaíonn ‘rialaitheoir comhpháirteach’ rialaitheoir comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679;

(7) ciallaíonn ‘próiseálaí’ próiseálaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó in Airteagal 4, pointe (8), de Rialachán (AE) 2016/679;

(8) ciallaíonn ‘institiúidí agus comhlachtaí an Aontais’ institiúidí agus comhlachtaí an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), de Rialachán (AE) 2018/1725;

(9) ciallaíonn ‘fógra cosanta sonraí’ doiciméad trína gcuirtear faisnéis ar fáil d’ábhair sonraí i gcomhréir le hAirteagail 15 nó 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 nó le hAirteagail 13 nó 14 de Rialachán (AE) 2016/679;

(10) ciallaíonn ‘iarraidh ó ábhar sonraí’ iarraidh a sheolann ábhar sonraí chuig ceann amháin nó níos mó de na rialaitheoirí comhpháirteacha ina bhfeidhmíonn an t-ábhar sonraí aon cheann dá gcearta faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2018/1725 nó faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2016/679;

(11) ciallaíonn ‘sárú i ndáil le sonraí pearsanta’ sárú i ndáil le sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (16), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó in Airteagal 4, pointe (12), de Rialachán (AE) 2016/679;

(12) ciallaíonn ‘údarás maoirseachta’ údarás maoirseachta náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (22), de Rialachán (AE) 2018/1725, údarás maoirseachta mar a shainmhínítear é in Airteagal 4, pointe (21), de Rialachán (AE) 2016/679, nó an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;

(13) ciallaíonn ‘Ballstát baile’ an Ballstát ar tugadh údarú d’institiúid creidmheasa ann;

(14) ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát a bhfuil brainse ag institiúid creidmheasa ann nó ina gcuireann sí seirbhísí ar fáil.

Airteagal 3

Faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí

1. Soláthróidh an rialaitheoir comhpháirteach a chuireann tús le próiseáil sonraí pearsanta, lena n-áirítear bailiú sonraí pearsanta, an fhaisnéis don ábhar sonraí a cheanglaítear le hAirteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 nó le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679, agus le hAirteagal 28(2), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2018/1725 nó le hAirteagal 26(2), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach. Is é an rialaitheoir comhpháirteach sin:

(a) i gcás sonraí pearsanta a chuirtear isteach trí thairseach an Chórais Bainistíochta Faisnéise (IMAS), BCE;

(b) i gcás sonraí pearsanta a fhaightear i ngach cás eile:

(i) i gcás nósanna imeachta cuí oiriúnach d’eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht; an ÚIN ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 93 agus 94 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);

(ii) maidir le nósanna imeachta údarúcháin:

(1) i gcásanna údarúcháin, an t-údarás inniúil náisiúnta a fhaigheann an t-iarratas ar údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(2) i gcásanna sealúchas cáilitheach, an t-údarás inniúil náisiúnta a fhaigheann an fógra nó aon fhaisnéis ghaolmhar de bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(3) i gcásanna nósanna imeachta arna dtionscnamh ag ÚIN chun údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar, lena n-áirítear tarraingt siar arna iarraidh sin don institiúid creidmheasa, de bhun Airteagal 80 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), an ÚIN ábhartha;

(4) i gcásanna nósanna imeachta arna dtionscnamh ag BCE chun údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar, BCE;

(5) i gcásanna ina mbunaíonn eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht brainse, ÚIN an Bhallstáit baile i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);

(6) i gcásanna ina dtugtar fógra faoi athrú ar sholáthar seirbhísí ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó ag eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach; fógra faoi athrú ar sholáthar seirbhísí ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó ag eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach; nó bunú brainse ag eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, ÚIN an Bhallstáit baile;

(7) i gcásanna ina mbunaíonn institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach brainse i mBallstát rannpháirteach, ÚIN an Bhallstáit óstaigh;

(8) i gcásanna ina soláthraíonn eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach seirbhísí lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteacha, ÚIN an Bhallstáit baile;

(9) i gcásanna seirbhísí arna soláthar i mBallstát rannpháirteach ag institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach, ÚIN an Bhallstáit óstaigh;

(10) i gcásanna ina ndéantar cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ina bhfuil eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, nó grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht a fhormheas nó a dhíolmhú ó fhormheas, BCE;

(11) i gcásanna ina ndéantar cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ina bhfuil eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, nó grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, a fhormheas nó a dhíolmhú ó fhormheas, is é ÚIN a fhaigheann an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 21i de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

(12) i gcásanna cumasc arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) i gcás inar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht iad na heintitis a thiocfaidh as an oibríocht bheartaithe sin, BCE;

(13) i gcásanna cumasc arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) i gcás inar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna iad na heintitis a thiocfaidh as an oibríocht sin atá beartaithe, an ÚIN a fhaigheann an fógra de bhun Airteagal 27i(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/36/AE;

(14) i gcásanna deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht iad, BCE;

(15) i gcásanna deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) nach eintitis faoi mhaoirseacht chomh suntasach céanna iad, an ÚIN a fhaigheann an fógra de bhun Airteagal 27i(1), an dara fomhír, de Threoir 2013/36/AE;

(iii) i gcomhair maoirseacht leanúnach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, BCE;

(iv) i gcomhair forfheidhmiú agus smachtbhannaí, BCE;

(v) i gcomhair cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, BCE;

(vi) i gcomhair formhaoirseachta ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, BCE;

(vii) i gcomhair maoirseachta ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach:

(1) ÚIN an Bhallstáit baile; nó

(2) i gcás ina bhfeidhmíonn BCE go díreach é féin na cumhachtaí ábhartha uile maidir le heintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach de bhun Airteagal 6(5), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, BCE.

([5]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamach ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CÉ agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

2. Foilseoidh gach rialaitheoir comhpháirteach fógra cosanta sonraí ar a shuíomh gréasáin, chomh maith leis an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh.

3. Comhordóidh agus comhaontóidh na rialaitheoirí comhpháirteacha ábhar comhsheasmhach, nó comhionann fiú, na faisnéise atá le soláthar don ábhar sonraí de bhun Airteagal 28(2), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 26(2), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach.

Airteagal 4

Láimhseáil iarrataí ó na hábhair sonraí

1. Féadfaidh ábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, cibé acu is infheidhme, i ndáil le gach rialaitheoir comhpháirteach agus i gcoinne gach rialaitheora chomhpháirtigh. Foilseoidh gach rialaitheoir comhpháirteach a phointe teagmhála agus pointe teagmhála gach ceann de na rialaitheoirí comhpháirteacha eile ina fhógra cosanta sonraí ar a shuíomh gréasáin.

2. Is é an rialaitheoir comhpháirteach a bheidh freagrach as iarraidh an ábhair sonraí a láimhseáil:

(a) i gcomhair nósanna imeachta cuí oiriúnacha d'eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, an ÚIN ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 93 agus 94 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) go dtí go bhfuil an mheasúnacht sa nós imeachta cuí cóir sannta do BCE, agus ina dhiaidh sin BCE;

(b) i gcomhair nósanna imeachta údarúcháin:

(i) i gcásanna údarúchán, an ÚIN a fhaigheann an t-iarratas ar údarú chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 go dtí nach dtabharfar fógra mar gheall ar an dréachtchinneadh arna ullmhú ag an ÚIN do BCE, agus BCE ina dhiaidh sin;

(ii) i gcásanna sealúchas cáilitheach, an ÚIN a fhaigheann an fógra nó aon fhaisnéis ghaolmhar de bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 go dtí go gcuirfear faoi bhráid BCE an dréacht-togra ó ÚIN le haghaidh cinneadh chun cur i gcoinne na héadála nó gan cur ina coinne, agus ina dhiaidh sin BCE;

(iii) i gcásanna nósanna imeachta arna dtionscnamh ag ÚIN chun údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar, lena n-áirítear tarraingt siar arna iarraidh sin don institiúid creidmheasa, de bhun Airteagal 80 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), an ÚIN ábhartha go dtí go gcuirfear an dréachtchinneadh um tharraingt siar arna ullmhú ag ÚIN faoi bhráid BCE, agus ina dhiaidh sin BCE;

(iv) i gcásanna nósanna imeachta arna dtionscnamh ag BCE chun údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar, BCE;

(v) i gcásanna ina mbunaíonn eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht brainse, ÚIN an Bhallstáit baile i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) go dtí go dtugtar fógra do BCE faoi oscailt an nós imeachta pas; agus ina dhiaidh sin BCE;

(vi) i gcásanna ina dtugtar fógra faoi athrú ar sholáthar seirbhísí ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó ag eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach; fógra maidir le hathrú ar shonraí brainse ó eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó ó eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach; nó bunú brainse ag eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, ÚIN an Bhallstáit baile go dtí go dtugtar fógra do BCE faoi oscailt an nós imeachta pas, agus ina dhiaidh sin BCE;

(vii) i gcásanna ina mbunaíonn institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach brainse i mBallstát rannpháirteach, ÚIN an Bhallstáit óstaigh go dtí go dtugtar fógra do BCE faoi oscailt an nós imeachta pas, agus ina dhiaidh sin BCE;

(viii) i gcásanna ina soláthraítear seirbhísí lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteacha ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nó eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, ÚIN an Bhallstáit baile go dtí go dtugtar fógra do BCE faoi oscailt an nós imeachta pas, agus ina dhiaidh sin BCE;

(ix) i gcásanna seirbhísí arna soláthar i mBallstát rannpháirteach ag institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach, ÚIN an Bhallstáit óstaigh go dtí go dtugtar fógra do BCE faoi oscailt an nós imeachta pas, agus do ina dhiaidh sin, faoin nós imeachta pas a oscailt;

(x) i gcásanna ina ndéantar cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ina bhfuil eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, nó grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht, a fhormheas nó a dhíolmhú ó fhormheas, BCE;

(xi) i gcásanna ina ndéantar cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ina bhfuil eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, nó grúpaí faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, a fhormheas nó a dhíolmhú ó fhormheas, an ÚIN a fhaigheann an t-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 21a de Threoir 2013/36/AE;

(xii) i gcásanna cumasc arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) i gcás inar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht iad na heintitis a thiocfaidh as an oibríocht bheartaithe sin, BCE;

(xiii) i gcásanna cumasc arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) i gcás inar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna iad na heintitis a thiocfaidh as an oibríocht sin atá beartaithe, an ÚIN a fhaigheann an fógra de bhun Airteagal 27i(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2013/36/AE;

(xiv) i gcásanna deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht iad, BCE;

(xv) i gcásanna deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) gur eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach iad, an ÚIN a fhaigheann an fógra de bhun Airteagal 27i(1), an dara fomhír, de Threoir 2013/36/AE;

(c) i gcomhair maoirseacht leanúnach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, BCE;

(d) i gcomhair forfheidhmiú agus smachtbhannaí, BCE;

(e) i gcomhair cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, BCE;

(f) i gcomhair formhaoirseachta ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, BCE;

(g) i gcomhair maoirseachta ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach:

(i) ÚIN an Bhallstáit baile; nó

(ii) i gcás ina bhfeidhmíonn BCE go díreach é féin na cumhachtaí ábhartha uile maidir le heintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach de bhun Airteagal 6(5), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, BCE.

3. Tabharfaidh rialaitheoir comhpháirteach, nuair a iarrann an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2 air déanamh amhlaidh, cúnamh tapa agus éifeachtúil don rialaitheoir comhpháirteach sin chun aon iarrataí ó ábhair sonraí a láimhseáil, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 4.

4. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le hiarrataí ó ábhair sonraí a láimhseáil:

(a) Seolfaidh an rialaitheoir comhpháirteach a fhaigheann an iarraidh ón ábhar sonraí admháil fála chuig an ábhar sonraí gan moill mhíchuí. Mura dtagann an iarraidh ón ábhar sonraí faoina fhreagracht mar a chinntear i gcomhréir le mír 2, cuirfidh an rialaitheoir comhpháirteach a fhaigheann an iarraidh ón ábhar sonraí ar aghaidh í chuig an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach as an iarraidh sin a láimhseáil faoi mhír 2.

(b) Má dhearbhaíonn an rialaitheoir comhpháirteach ar cuireadh an iarraidh ón ábhar sonraí ar aghaidh chuige gurb é an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach as an iarraidh sin a láimhseáil faoi mhír 2, cuirfidh an rialaitheoir comhpháirteach a fuair an iarraidh ón ábhar sonraí an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi tharchur na hiarrata ón ábhar sonraí chuig an rialaitheoir comhpháirteach sin.

(c) Réiteofar aon easaontas mar gheall ar cén rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2 i gcruinniú idir an rialaitheoir comhpháirteach a fuair an iarraidh ón ábhar sonraí, an rialaitheoir comhpháirteach ar cuireadh an iarraidh ón ábhar sonraí ar aghaidh chuige agus aon rialaitheoir comhpháirteach eile a mheasann an rialaitheoir comhpháirteach a bheith freagrach faoi mhír 2. Tar éis an chruinnithe sin, déanfaidh an rialaitheoir comhpháirteach a fuair an iarraidh ón ábhar sonraí tarchur na hiarrata ón ábhar sonraí chuig an rialaitheoir comhpháirteach a dheimhnigh go bhfuil sé freagrach faoi mhír 2 a chur in iúl don ábhar sonraí. Más é an rialaitheoir comhpháirteach a fhaigheann an iarraidh ón ábhar sonraí an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2 ach go mbaineann an iarraidh ón ábhar sonraí le cúraimí maoirseachta eile dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (g); iarrfaidh an rialaitheoir comhpháirteach sin cúnamh ó rialaitheoir comhpháirteach eile nó ó rialaitheoirí comhpháirteacha eile i gcomhréir le mír 3;

(d) seolfaidh an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2 an freagra deiridh chuig an ábhar sonraí, tar éis dó an t-ionchur arna sholáthar ag aon rialaitheoir comhpháirteach eile faoi phointe (c) a ionchorprú, más ábhartha.

Airteagal 5

Nós imeachta a bhaineann le sáruithe ar shonraí pearsanta

1. Cuirfidh rialaitheoir comhpháirteach a thagann ar an eolas faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta na rialaitheoirí comhpháirteacha eile go léir ar an eolas faoin sárú sin gan moill mhíchuí, agus ar a dhéanaí laistigh de 24 uair an chloig tar éis dó a fháil amach gur tharla an sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

2. Beidh an rialaitheoir comhpháirteach ba chúis leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta nó a bhfuil an sárú i ndáil le sonraí pearsanta inchurtha ina leith, lena n-áirítear sáruithe arb iad a phróiseálaithe nó a fhophróiseálaithe is cúis leo nó atá inchurtha ina leith, freagrach as an sárú sin i ndáil le sonraí pearsanta a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach. Mura féidir a chinneadh cén rialaitheoir comhpháirteach a bhfuil freagrach laistigh de 24 uair an chloig ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, beidh na rialaitheoirí comhpháirteacha uile freagrach as an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a bhainistiú.

3. Déanfaidh an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2, go háirithe, fógra a thabhairt don údarás maoirseachta agus cuirfidh sé an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta, más iomchuí. Tabharfaidh BCE fógra freisin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta, ach amháin mura dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, fiú murab é an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach as.

4. Cuirfear fógra ag an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach faoi mhír 2 chuig na rialaitheoirí comhpháirteacha eile uile gan moill mhíchuí mar gheall (a) ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm ag an rialaitheoir comhpháirteach chun na rioscaí a bhaineann leis an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a mhaolú; agus (b) ar cuireadh nó an gcuirfear an sárú i ndáil le sonraí in iúl don údarás maoirseachta agus an gcuirfear in iúl don ábhar sonraí é.

Airteagal 6

Slándáil próiseála

1. De bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme chun slándáil na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a áirithiú. Agus measúnú á dhéanamh ar an leibhéal iomchuí slándála, cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an úrscothacht san áireamh, costais an chur chun feidhme, cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála, agus na rioscaí atá i gceist do na hábhair sonraí.

2. Gach rialaitheoir comhpháirteach a dhéanann córas TF a úsáidtear i bpróiseáil na sonraí pearsanta a chothabháil agus a riar, déanfaidh sé bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla maidir leis an gcóras sin a bhunú agus a chur chun feidhme, nó áiritheoidh sé go mbunóidh an próiseálaí na bearta sin maidir leis an gcóras agus go gcuirfidh sé chun feidhme iad.

3. Ní thabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha rochtain ar shonraí pearsanta a phróiseáiltear i gcomhthéacs an Chinnidh seo ach amháin do dhaoine nádúrtha atá ag gníomhú faoina n-údarás agus a mhéid is gá amháin chun críocha na próiseála a leagtar síos sna hIarscríbhinní a chomhlíonadh.

4. Áiritheoidh na rialaitheoirí comhpháirteacha go bhfuil gealltanas tugtha ag na daoine atá údaraithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil rúndacht a urramú nó go bhfuil siad faoi oibleagáid rúndachta reachtúil iomchuí.

Airteagal 7

Measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí

1. Aontóidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus cé acu de na rialaitheoirí comhpháirteacha a ullmhóidh dréacht den mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí.

2. Ní fhéadfar a mheas go bhfuil measúnú tionchair ar chosaint sonraí críochnaitheach ach amháin má tá sé formheasta ag na rialaitheoirí comhpháirteacha go léir.

3. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, amhail i gcás nach mbeidh na rialaitheoirí comhpháirteacha rannpháirteach le linn na gcéimeanna céanna d'oibríocht phróiseála, déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha measúnú tionchair ar leithligh ar chosaint sonraí le haghaidh na céime sonraí den oibríocht phróiseála ar lena linn a bheidh siad rannpháirteach.

4. I gcás ina léirítear i measúnú tionchair ar chosaint sonraí go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha ag gabháil leis an bpróiseáil, in éagmais coimircí, bearta slándála agus sásraí chun an riosca a mhaolú, agus i gcás ina bhfuil an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach as an dréacht a ullmhú faoi mhír 1 den tuairim nach bhféadfaí an riosca a mhaolú ar bhealach réasúnach i bhfianaise na dteicneolaíochtaí atá ar fáil agus na gcostas cur chun feidhme, rachaidh an rialaitheoir comhpháirteach sin i gcomhairle lena údarás maoirseachta. I gcás den sórt sin, rachaidh BCE i gcomhairle freisin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1725, fiú murab é an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach as an dréacht a ullmhú faoi mhír 1.

Airteagal 8

Freagrachtaí eile na rialaitheoirí comhpháirteacha

1. Gan dochar do na hoibleagáidí a bhfuil rialaitheoirí comhpháirteacha faoina réir faoi Rialachán (AE) 2018/1725, Rialachán (AE) 2016/679, nó dlíthe náisiúnta, beidh gach rialaitheoir comhpháirteach freagrach as an méid seo a leanas:

(a) na tréimhsí a chinneadh ar lena linn a stórálfar na sonraí pearsanta i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí;

(b) cinneadh a dhéanamh srian a chur ar chur i bhfeidhm chearta an ábhair sonraí, i gcás inar gá agus inar comhréireach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear rialacha inmheánacha arna nglacadh ag rialaitheoir comhpháirteach nó dlíthe náisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, nó chun aon eisceachtaí a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach;

(c) dlíthiúlacht, riachtanas agus comhréireacht aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a shainaithint agus a mheasúnú agus a oibleagáidí faoi Chaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 nó faoi Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, faoi seach;

(d) gan ach próiseálaithe a fhostú a thugann ráthaíochtaí leordhóthanacha chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme, de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach;

(e) liosta a sholáthar do na rialaitheoirí comhpháirteacha eile de phróiseálaithe atá fostaithe ag an rialaitheoir comhpháirteach sin chun sonraí pearsanta a phróiseáil agus na cúraimí maoirseachta a liostaítear in Airteagal 1(2) á ndéanamh acu.

2. Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha fógra dá chéile faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i mír 1, agus aird chuí á tabhairt acu ar an gcóras rúndachta is infheidhme.

Airteagal 9

Comhlíontachtadh agus doiciméadacht

1. Comhlíonfaidh gach rialaitheoir comhpháirteach na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint sonraí mar a leagtar síos iad in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1725 nó in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach.

2. Coimeádfaidh gach rialaitheoir comhpháirteach taifid de na gníomhaíochtaí próiseála atá faoina fhreagracht agus coimeádfaidh sé an fhaisnéis is gá chun a léiriú go gcomhlíonann sé an Cinneadh seo.

Airteagal 10

Comhar idir na rialaitheoirí comhpháirteacha

Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an cúnamh is gá dá chéile chun a chur ar chumas gach duine acu ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, agus an Chinnidh seo a chomhlíonadh, laistigh de thréimhse ama atá comhoiriúnach leis na ceanglais atá sna Rialacháin sin.

Airteagal 11

Dáileadh an chúitimh

Socróidh na rialaitheoirí comhpháirteacha eatarthu aon chúiteamh a íocfaidh duine amháin (nó níos mó) díobh as damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679 de réir an mhéid iarbhír freagrachta. Rialaitheoir comhpháirteach a chruthaíonn nach bhfuil sé freagrach in aon chor as aon eachtra as a n-eascraíonn dliteanas, beidh sé díolmhaithe ó shocraíocht den sórt sin idir é féin agus rialaitheoirí comhpháirteacha eile agus beidh sé i dteideal aon ranníocaíocht atá déanta aige leis an gcúiteamh a íocadh a ghnóthú ón rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach iarbhír.

Airteagal 12

Réiteach easaontas

1. I gcás easaontais maidir le réiteach cúitimh arna íoc ag ceann de na rialaitheoirí comhpháirteacha as damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar Rialachán (AE) 2018/1725 nó Rialachán (AE) 2016/679, bunófar painéal neamhspleách chun réiteach an easaontais a éascú.

2. Féadfaidh aon rialaitheoir comhpháirteach fógra easaontais a sheirbheáil ar rialaitheoir comhpháirteach amháin nó níos mó agus painéalaí a cheapadh. Ceapfaidh gach rialaitheoir comhpháirteach, ar seirbheáladh fógra air, a phainéalaí laistigh de dhá sheachtain ón dáta a fhaightear an fógra. Measfar gur páirtithe san easaontas iad an rialaitheoir comhpháirteach a sheirbheáil an fógra easaontais agus na comhrialaitheoirí ar a seirbheáladh an fógra orthu.

3. Beidh corrlíon comhaltaí ag painéal neamhspleách agus beidh sé comhdhéanta de na painéalaithe arna gceapadh de bhun mhír 2 agus painéalaí amháin nó beirt arna gceapadh go comhpháirteach ag na painéalaithe sin. Beidh an painéalaí nó na painéalaithe a cheapfar go comhpháirteach ina chathaoirleach nó ina chathaoirleach agus ina leaschathaoirleach faoi seach de réir a leibhéal sinsearachta, agus íocfar iad trí ranníocaíocht airgeadais chomhionann ó na páirtithe uile san easaontas. Beidh an painéalaí nó na painéalaithe a cheapfar go comhpháirteach neamhspleách ar na páirtithe san easaontas. Tabharfaidh an cathaoirleach fógra faoi chomhdhéanamh deiridh an phainéil d'Uachtarán BCE.

4. Oibreoidh an painéal neamhspleách i gcomhréir le prionsabail na neamhchlaontachta, an chomhionannais agus an chirt chun éisteacht a fháil.

5. Beidh sé d'aidhm ag an bpainéal neamhspleách, laistigh de thrí mhí ón dáta a thabharfar fógra faoina chomhdhéanamh deiridh d'Uachtarán BCE, moladh réasúnaithe a sholáthar maidir le réiteach an easaontais. Ní bheidh an moladh ceangaltach ar na páirtithe san easaontas agus féadfar é a chur isteach mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Airteagal 13

Athbhreithniú

Chun éifeachtacht chinneadh na bhfreagrachtaí a áirithiú, i measc na rialaitheoirí comhpháirteacha, maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, déanfaidh an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú ar na socruithe a leagtar amach sa Chinneadh seo 5 bliana ar a dhéanaí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm.

Airteagal 14

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo in éifeacht ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 15

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo ar údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát rannpháirteach.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 30 Iúil 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Measúnuithe cuí oiriúnacha

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

Déanann BCE, i gcomhar leis na ÚINanna, measúnuithe agus athmheasúnú ar oiriúnacht na ndaoine a ceapadh do phoist freagrachta as bainistiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, amhail comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme, chomh maith le sealbhóirí post eile a léirítear sa dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/36/AE, bainisteoirí brainse, agus daoine áirithe eile atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nó ar a mbrainsí (dá ngairtear an 'nós imeachta cuí cóir' anseo feasta).

I gcomhthéacs nósanna imeachta cuí oiriúnacha, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun measúnú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann na daoine a ceapadh na critéir chuí chóra;

(b) chun athmheasúnuithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais chuí chóra ar bhonn leanúnach agus, mura gcomhlíonfar na ceanglais, na comhaltaí lena mbaineann a bhaint de chomhlacht bainistíochta an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht;

(c) chun measúnú a dhéanamh ar iarratais chun stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin breise ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta a údarú, chomh maith le hiarratais ar phost Chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus post an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a shealbhú go comhuaineach san eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht;

(d) taighde cainníochtúil, anailís agus tuairisciú staidrimh a dhéanamh ar leibhéal comhiomlánaithe.

2. BUNÚS DLÍ

(a) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 4(1), pointe (e), agus Airteagail 6, 7, 8, 9 agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le Treoir 2013/36/AE, mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta iad.

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) daoine arna gceapadh atá faoi réir measúnú de bhun nós imeachta cuí oiriúnach;

(b) garghaolta duine a ceapadh, amhail céile, páirtí cláraithe, comhchónaitheoir, leanbh, tuismitheoir nó gaol eile lena roinneann an ceapaí cóiríocht chónaithe;

(c) comhpháirtithe duine a ceapadh a bhfuil a sonraí pearsanta ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an gceapaí, amhail daoine ag a bhfuil poist bhainistíochta san eintiteas faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, nó ar úinéirí tairbhiúla an eintitis sin iad;

(d) ionadaithe údaraithe an duine a ceapadh sa nós imeachta cuí oiriúnach.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú an duine a ceapadh;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an duine a ceapadh;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint, fostaíocht agus poist eile an duine a ceapadh agus ag comhaltaí chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán;

(d) sonraí gairmiúla a bhaineann le haon ghníomhaíochtaí gnó eile de chuid an duine a ceapadh;

(e) mionsonraí faoi thaifid choiriúla agus faisnéis faoi imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, imeachtaí ábhartha sibhialta agus riaracháin agus bearta araíonachta, lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus nósanna imeachta comhchosúla;

(f) sonraí airgeadais an duine a ceapadh;

(g) tuairisc ar na caidrimh phearsanta atá ag garghaolta an té a cheapfar le comhaltaí eile den chomhlacht bainistíochta agus/nó le sealbhóirí príomhfheidhme an eintitis faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí; agus a gcaidrimh ghairmiúla agus airgeadais leis an eintiteas faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí;

(h) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás inniúil eile measúnú cuí oiriúnach cheana féin agus faisnéis faoi thoradh an mheasúnaithe sin;

(i) barúlacha ó fhoireann BCE nó ÚIN maidir le feidhmíocht an duine a ceapadh ina ról reatha nó in aon ról roimhe sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an nós imeachta cuí oiriúnach atá ann faoi láthair;

(j) faisnéis faoi iompar an duine a ceapadh sa ról atá acu faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs athmheasúnuithe;

(k) taifeadadh fuaime ar ghuth an duine a ceapadh.

IARSCRÍBHINN II

Nósanna imeachta údarúcháin

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

Déanann BCE, i gcomhar le ÚINanna, measúnuithe i gcomhthéacs nósanna imeachta údarúcháin lena gcuimsítear sealúchais cháilitheacha a fháil, údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a dheonú agus a tharraingt siar, ceart bunaíochta eintiteas faoi mhaoirseacht agus saoirse seirbhísí de chuid eintiteas faoi mhaoirseacht a sholáthar, formheasanna nó díolúintí ó fhormheas cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha) ina bhfuil eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, nó grúpaí suntasacha faoi mhaoirseacht, chomh maith le cumaisc agus deighiltí a bhfuil fógra tugtha fúthu.

I gcomhthéacs gach ceann de na nósanna imeachta údarúcháin faoi seach, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa: chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann iarratasóir ar údarúchán baincéireachta ceanglais ábhartha an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais, lena bhféadfaí a áireamh measúnú ar eagrúchán struchtúrach, measúnuithe cuí córa ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus ar shealbhóirí príomhfheidhme, chomh maith le hanailís ar oiriúnacht scairshealbhóirí nó chomhaltaí an iarratasóra;

(b) sealúchais cháilitheacha: chun fóntacht airgeadais na héadála beartaithe agus oiriúnacht an fhaighteora bheartaithe a fhionnadh;

(c) tarraingt siar údarúcháin chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa: chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann eintiteas faoi mhaoirseacht na coinníollacha chun údarúchán a tharraingt siar faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais;

(d) ceart bunaíochta eintiteas faoi mhaoirseacht agus saoirse seirbhísí a sholáthar: chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann bunú brainse nó soláthar seirbhísí ag eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus ag eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, bunú brainse i mBallstát rannpháirteach ag institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach, soláthar seirbhísí lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteacha ag eintiteas faoi mhaoirseacht atá suntasach nó nach bhfuil chomh suntasach céanna, soláthar seirbhísí i mBallstát rannpháirteach ag institiúid creidmheasa atá bunaithe i mBallstát neamh-rannpháirteach, agus athruithe ar shonraí brainse nó athruithe ar sholáthar seirbhísí ag eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nó ag eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna ceanglais ábhartha an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais;

(e) formheasanna nó díolúintí ó fhormheas cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha): chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar na critéir a leagtar amach sa dlí ábhartha náisiúnta agus i ndlí ábhartha an Aontais maidir le formheas nó díolúine ó fhormheas cuideachta sealbhaíochta airgeadais (measctha) a dheonú, lena n-áirítear measúnú ar shocruithe inmheánacha agus ar eagrúchán struchtúrach an ghrúpa a bhfuil an chuideachta sealbhaíochta airgeadais (mheasctha) mar chuid de, chomh maith le dáileadh inmheánach na gcúraimí laistigh den ghrúpa sin, agus oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus scairshealbhóirí (nó comhaltaí) na cuideachta sealbhaíochta airgeadais (measctha).

(f) cumaisc agus deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha): chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar na critéir a leagtar amach sa dlí ábhartha náisiúnta agus i ndlí ábhartha an Aontais maidir le cumaisc agus deighiltí, lena n-áirítear measúnú ar cháil agus fóntacht airgeadais na ngeallsealbhóirí airgeadais atá páirteach agus cé acu a bheidh an t-eintiteas in ann na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh ar bhonn láithreach agus go leanúnach.

2. BUNÚS DLÍ

(a) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 4(1), pointí (a), (b), (c) agus (g), Airteagail 4(2) agus 6(4), Airteagail 14 agus 15, agus Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagail 8, 11 go 17 agus Cuid V, Teidil 1, 2 agus 3 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);

(c) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagail 8, 8a, 10 go 14, 18, 21a, 22, 23, 27i, 27j, 33, 34, 35 agus 39 de Threoir 2013/36/AE, mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta iad.

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil.

3.1. Údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa:

(a) foireann an iarratasóra;

(b) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta, sealbhóirí príomhfheidhme, agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an iarratasóra nó eintiteas eile atá nasctha leis an iarratasóir

(c) daoine a bhfuil caidrimh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha ag an iarratasóir nó ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, sealbhóirí príomhfheidhme, agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an iarratasóra leo nó a bhfuil caidrimh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha acu leo;

(d) ionadaithe údaraithe an iarratasóra sa nós imeachta údarúcháin.

3.2. Sealúchais cháilitheacha:

(a) foireann de chuid an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta; comhaltaí de chomhlacht bainistíochta agus scairshealbhóirí an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta nó eintitis ábhartha eile;

(b) daoine a stiúrann gnó an fhaighteora go héifeachtach agus comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a stiúrfaidh gnó an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta mar thoradh ar éadáil bheartaithe an tsealúchais cháilithigh, chomh maith le daoine a bhfuil caidrimh ábhartha airgeadais nó neamhairgeadais acu leo;

(c) faighteoir sealúchais cháilithigh, chomh maith le daoine a bhfuil caidrimh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha acu leo;

(d) foireann agus ionadaithe údaraithe an fhaighteora.

3.3. Údarúchán chun dul i mbun gnó institiúide creidmheasa a tharraingt siar:

(a) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta, sealbhóirí príomhfheidhme, agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(b) daoine a bhfuil caidreamh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta leo nó a bhfuil caidrimh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha acu leo;

(c) foireann agus ionadaithe údaraithe an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta.

3.4. Ceart bunaíochta eintiteas faoi mhaoirseacht agus saoirse seirbhísí a sholáthar:

(a) foireann an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(b) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta agus scairshealbhóirí an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(c) ionadaithe údaraithe an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta.

3.5. Formheasanna nó díolúintí ó fhormheas cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha):

(a) foireann na cuideachta sealbhaíochta airgeadais (measctha) atá faoi réir an nós imeachta agus foireann an eintitis faoi mhaoirseacht ar fochuideachta é den chuideachta sealbhaíochta airgeadais (mheasctha) atá faoi réir an nós imeachta;

(b) comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an eintitis faoi mhaoirseacht ar fochuideachta é den chuideachta sealbhaíochta airgeadais (mheasctha) atá faoi réir an nós imeachta, chomh maith le daoine a bhfuil caidrimh airgeadais nó neamhairgeadais ábhartha acu leo;

(c) comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) na cuideachta sealbhaíochta airgeadais (measctha) atá faoi réir an nós imeachta, chomh maith le daoine a bhfuil caidrimh ábhartha airgeadais nó neamhairgeadais acu leo;

(d) ionadaithe údaraithe na cuideachta sealbhaíochta airgeadais (measctha) atá faoi réir an nós imeachta.

3.6. Cumaisc agus deighiltí arna ndéanamh ag institiúidí agus ag cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha):

(a) foireann an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(b) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta, sealbhóirí príomhfheidhme, agus scairshealbhóirí nó comhaltaí (i gcás daoine dlítheanacha, na daoine a stiúrann an gnó go héifeachtach) an eintitis faoi mhaoirseacht nó na n-eintiteas eile atá nasctha leis an eintiteas faoi mhaoirseacht faoi réir an nós imeachta;

(c) comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a stiúrfaidh gnó an eintitis faoi mhaoirseacht a thiocfaidh as an oibríocht atá á beartú, chomh maith le daoine a bhfuil caidreamh ábhartha airgeadais nó neamhairgeadais acu leo;

(d) ionadaithe údaraithe an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint, fostaíocht agus poist eile;

(d) sonraí gairmiúla a bhaineann le haon ghníomhaíocht ghnó eile;

(e) mionsonraí faoi thaifid choiriúla agus faisnéis faoi imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, imeachtaí ábhartha sibhialta agus riaracháin agus bearta araíonachta, lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus nósanna imeachta comhchosúla;

(f) sonraí airgeadais;

(g) tuairisc ar leasanna ábhartha airgeadais agus neamhairgeadais nó ar chaidrimh ábhartha airgeadais agus neamhairgeadais;

(h) faisnéis maidir le haon diúltú clárúcháin, údaraithe, ballraíochta i dtrádáil, gnó nó gairm nó ceadúnas chun trádáil, gnó nó gairm a dhéanamh; clárú, údarú, comhaltas nó ceadúnas den sórt sin a tharraingt siar, a chúlghairm nó a fhoirceannadh; nó díbirt ag comhlacht rialála nó rialtais nó ag comhlacht gairmiúil nó comhlachas gairmiúil;

(i) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás inniúil eile measúnú ar cháil cheana féin agus faisnéis faoi thoradh an mheasúnaithe sin;

(j) barúlacha ó fhoireann BCE nó ÚIN maidir le feidhmíocht an duine ábhartha ina ról reatha nó in aon ról roimhe seo a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an measúnú ábhartha;

(k) taifeadadh fuaime ar ghuth an duine a ceapadh.

IARSCRÍBHINN II

Maoirseacht leanúnach ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

I gcomhthéacs na maoirseachta stuamachta ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun a áirithiú go gcomhlíonann eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht dlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear trasuite náisiúnta an dlí sin, lena bhforchuirtear ceanglais stuamachta sna réimsí seo a leanas (i) cistí dílse, urrúsú, teorainneacha ar neamhchosaint mhór, leachtacht, giaráil, agus tuairisciú agus nochtadh poiblí faisnéise maidir leis na hábhair sin agus (ii) rialachas, lena n-áirítear próisis bainistithe riosca, sásraí rialaithe inmheánaigh, beartais agus cleachtais luacha saothair agus próisis éifeachtacha inmheánacha maidir le measúnú ar chaipiteal agus leordhóthanacht leachtachta, lena n-áirítear samhlacha inmheánacha atá bunaithe ar rátálacha;

(b) chun athbhreithnithe maoirseachta agus tástálacha struis a dhéanamh chun a chinneadh an gcomhlíonann eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht ceanglais ábhartha dhlí an Aontais agus, ar bhonn an athbhreithnithe maoirseachta sin, ceanglais shonracha agus bearta eile a fhorchur ar eintitis faoi mhaoirseacht;

(c) chun maoirseacht a dhéanamh ar mháithreacha eintiteas faoi mhaoirseacht atá bunaithe i gceann de na Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha), agus a bheith rannpháirteach i maoirseacht ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear i gcoláistí maoirseoirí gan dochar do rannpháirtíocht ÚINanna sna coláistí sin mar bhreathnóirí, i ndáil le máthaireintiteas nach bhfuil bunaithe i gceann de na Ballstáit rannpháirteacha;

(d) chun páirt a ghlacadh i maoirseacht fhorlíontach ar ilchuideachtaí airgeadais i ndáil leis na heintitis faoi mhaoirseacht a áirítear iontu agus cúraimí comhordaitheora a ghlacadh chuige féin i gcás ina gceaptar BCE mar chomhordaitheoir d'ilchuideachta airgeadais i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i ndlí ábhartha an Aontais;

(e) chun cúraimí maoirseachta a dhéanamh i ndáil le pleananna téarnaimh agus luath-idirghabháil;

(f) chun cúraimí maoirseachta a dhéanamh i ndáil le measúnú a dhéanamh ar shealúchais ábhartha nach sealúchais cháilitheacha iad;

(g) chun cumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú, vis-à-vis eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, arna ndeonú faoin dlí náisiúnta a thagann faoi raon feidhme chúraimí BCE, lena n-áirítear formheas sealúchas arna bhfáil ag eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht in institiúid neamhchreidmheasa nó in institiúid creidmheasa lasmuigh den Aontas, cumaisc nó díchumaisc institiúidí creidmheasa, sócmhainní nó dliteanais a fháil nó a dhíol, leasuithe ar reachtanna institiúidí creidmheasa, iniúchóirí seachtracha a cheapadh, iarrataí ar fhaisnéis agus tuarascálacha sonracha ó iniúchóirí seachtracha, tionscadail seachfhoinsithe, oibríochtaí i dtríú tíortha, feidhmiú cumhachtaí vis-à-vis scairshealbhóirí, deonú nó teorannú creidmheasa do pháirtithe gaolmhara, cinntí straitéiseacha agus bunú grúpaí comharbhaincéireachta;

(h) chun cumhachtaí maoirseachta arna ndeonú faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, vis-à-vis eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear na roghanna agus na discréidí atá ar fáil d'údaráis inniúla faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus Treoir 2013/36/AE, mar a thrasuítear sa dlí náisiúnta iad;

2. BUNÚS DLÍ

(a) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 4(1), pointí (d), (e), (f), (g), (h) agus (i), Airteagal 4(3) agus Airteagail 6 agus 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) foireann eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht;

(b) comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, custaiméirí agus a ráthóirí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, soláthraithe seirbhíse, sainchomhairleoirí agus iniúchóirí seachtracha eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht;

(c) foireann nó ionadaithe na gcomhlachas baincéireachta;

(d) foireann institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, agus de chuid na n-údarás náisiúnta agus idirnáisiúnta;

(e) tríú páirtithe eile, amhail daoine a dhéanann gearáin nó a chuireann isteach iarrataí ar fhaisnéis maidir le heintiteas suntasach faoi mhaoirseacht;

(f) ionadaithe údaraithe de chuid duine a ceapadh i nós imeachta cuí cóir;

(g) ionadaithe údaraithe fhaighteoir an tsealúchais ábharaigh;

(h) foireann fhaighteoir an tsealúchais ábharaigh.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint, fostaíocht, poist eile agus aon ghníomhaíochtaí gnó eile;

(d) mionsonraí airgeadais, amhail i gcomhthéacs athbhreithniú ar chomhad creidmheasa custaiméara bainc nó i gcomhthéacs iasachta do chomhalta den chomhlacht bainistíochta nuair is gá réamhcheadú;

(e) mionsonraí faoi thaifid choiriúla agus faisnéis faoi imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, imeachtaí ábhartha sibhialta agus riaracháin agus bearta araíonachta, lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus nósanna imeachta comhchosúla.

IARSCRÍBHINN IV

Forfheidhmiú agus smachtbhannaí

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

I gcomhthéacs nósanna imeachta forfheidhmiúcháin agus smachtbhannaí, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar cheanglais faoi ghníomhartha ábhartha de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach arna ndéanamh ag eintitis faoi mhaoirseacht a bhféadfar pionóis riaracháin airgid a fhorchur ina leith de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus tograí a ullmhú chun pionóis den sórt sin a fhorchur;

(b) chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ag eintitis faoi mhaoirseacht ar rialacháin nó cinntí BCE a bhféadfar smachtbhannaí a fhorchur ina leith de bhun Airteagal 18(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(c) chun measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs cásanna faoi Airteagal 18(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar cheart a cheangal ar ÚIN imeachtaí a thionscnamh agus fógra a thabhairt don ÚIN faoin iarraidh sin;

(d) chun faisnéis a iarraidh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus Airteagal 139 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) agus cúraimí a dhéanamh de bhun Airteagail 125 go 138 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) i gcomhthéacs imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(e) chun measúnú a dhéanamh ar cheart iarraidh ar ÚIN de bhun Airteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17) cion coiriúil amhrasta a tharchur chuig na húdaráis iomchuí lena himscrúdú agus le haghaidh ionchúiseamh coiriúil féideartha agus fógra a thabhairt don ÚIN faoin iarraidh sin.

2. BUNÚS DLÍ

(a) Airteagal 5(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagail 9, 10, 11 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) Airteagal 5(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 113(3) agus Airteagail 120 go 129, 134, 136 agus 139 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17).

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) foireann an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(b) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta;

(c) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta na n-eintiteas atá ag iarraidh sealúchas cáilitheach a fháil san eintiteas faoi mhaoirseacht;

(d) faighteoirí beartaithe sealúchais cháilithigh;

(e) ionadaithe údaraithe an eintitis faoi mhaoirseacht atá faoi réir an nós imeachta.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, náisiúntacht agus síniú;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus fostaíocht;

(d) sonraí airgeadais;

(e) mionsonraí maidir le cionta (amhrasta) agus ciontuithe coiriúla.

IARSCRÍBHINN V

Cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

I gcomhthéacs cigireachtaí ar an láthair ar eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun grinn-imscrúduithe a dhéanamh ar rioscaí, rialuithe riosca agus rialachas na n-eintiteas faoi mhaoirseacht;

(b) chun measúnú a dhéanamh ar shamhlacha inmheánacha a úsáidtear chun ceanglais cistí dílse a ríomh, go háirithe maidir le modheolaíochtaí, oiriúnacht eacnamaíoch, rioscaí, rialuithe riosca agus rialachas;

(c) chun athbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní a dhéanamh chun trédhearcacht a fheabhsú maidir le neamhchosaintí na n-eintiteas faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le leordhóthanacht luachálacha sócmhainní agus comhthaobhachta agus forálacha gaolmhara.

2. BUNÚS DLÍ

(a) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 4(1), pointe (f), Airteagal 6(4) agus Airteagail 10, 11 agus 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagail 143 go 146 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17).

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) foireann an eintitis faoi mhaoirseacht;

(b) scairshealbhóirí an eintitis faoi mhaoirseacht;

(c) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi mhaoirseacht;

(d) custaiméirí an eintitis faoi mhaoirseacht, a ráthóirí agus a bpáirtithe nasctha;

(e) iniúchóirí seachtracha an eintitis faoi mhaoirseacht;

(f) soláthraithe seirbhíse agus sainchomhairleoirí don eintiteas faoi mhaoirseacht;

(g) foireann institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, agus foireann údarás náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) mionsonraí faoi chustaiméirí an eintitis faoi mhaoirseacht, amhail:

(i) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(ii) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(iii) stádas agus gníomhaíochtaí airgeadais, amhail faisnéis a bhaineann le leibhéal ioncaim, caiteachais, sócmhainní, fiachais, díorthaigh, gealltanais airgeadais, scór creidmheasa, stair íocaíochta, díospóidí agus dlíthíocht leis an eintiteas faoi mhaoirseacht, chomh maith le táscairí sláinte airgeadais foriomlána;

(iv) comhdhéanamh teaghlaigh, saintréithe tithíochta, oideachais, agus faisnéise agus ionchais a bhaineann le fostaíocht;

(b) sonraí fhoireann, scairshealbhóirí agus chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi mhaoirseacht, amhail:

(i) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(ii) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(iii) gníomhaíochtaí airgeadais i ndáil leis an eintiteas faoi mhaoirseacht, amhail faisnéis a bhaineann le luach saothair, sócmhainní, fiachais, díorthaigh agus gealltanais airgeadais;

(iv) taithí oibre, cáilíochtaí, cúlra acadúil;

(c) mionsonraí na n-iniúchóirí seachtracha, na soláthraithe seirbhíse agus na sainchomhairleoirí don eintiteas faoi mhaoirseacht agus sonraí fhoireann institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, agus na n-údarás náisiúnta agus idirnáisiúnta, amhail:

(i) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(ii) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(iii) tuairisc ar ghaolmhaireachtaí pearsanta garghaolta an ábhair sonraí le comhaltaí de chomhlacht bainistíochta agus/nó sealbhóirí príomhfheidhme an eintitis faoi mhaoirseacht, a mháthairghnóthas nó a fhochuideachtaí, agus tuairisc ar ghaolmhaireachtaí gairmiúla agus airgeadais an ábhair sonraí leis an eintiteas faoi mhaoirseacht, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí.

IARSCRÍBHINN VI

Formhaoirseacht ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

I gcomhthéacs na formhaoirseachta ar mhaoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil caighdeáin mhaoirseachta ardcháilíochta á gcur i bhfeidhm ag ÚINanna ar bhealach comhsheasmhach agus a sheiceáil an mbeidh torthaí inchomparáide ar fud SAM mar thoradh ar chásanna inchomparáide;

(b) chun fógraí ex ante agus ex post a fháil ó ÚINanna maidir le nósanna imeachta maoirseachta ábhartha agus dréachtchinntí maidir le heintitis faoi mhaoirseacht ardtionchair agus ardriosca nach bhfuil chomh suntasach céanna agus chun comhairle a chur ar ÚINanna measúnú breise a dhéanamh ar ghnéithe sonracha de na nósanna imeachta sin;

(c) chun fógraí a fháil ó ÚINanna maidir le himthosca sonracha;

(d) chun athbhreithnithe téamacha a dhéanamh chun léargais spriocdhírithe a sholáthar ar mhaoirseacht ag ÚINanna maidir le réimsí riosca sainithe ar leibhéal eintiteas aonair faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna nó aicmí eintiteas comhchosúil faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna chun maoirseacht ardcháilíochta a áirithiú;

(e) chun páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach d'fhonn tuiscint BCE ar stiúradh na maoirseachta ar ÚIN a chothú.

2. BUNÚS DLÍ

Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 6(4), (5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) foireann eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach;

(b) comhaltaí de chomhlacht bainistíochta, custaiméirí agus a ráthóirí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, soláthraithe seirbhíse, comhairleoirí agus iniúchóirí seachtracha eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach;

(c) foireann nó ionadaithe na gcomhlachas baincéireachta;

(d) foireann institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, agus na n-údarás náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint, fostaíocht agus poist eile an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta de chuid an eintitis shuntasaigh ina ndéantar an ceapachán;

(d) sonraí gairmiúla a bhaineann le haon ghníomhaíochtaí gnó eile de chuid an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach;

(e) sonraí airgeadais an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach;

(f) mionsonraí faoi thaifid choiriúla agus faisnéis faoi imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, imeachtaí ábhartha sibhialta agus riaracháin agus bearta araíonachta, lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus nósanna imeachta comhchosúla;

(g) tuairisc ar na caidrimh phearsanta atá ag garghaolta an cheapaí i nós imeachta cuí oiriúnach le comhaltaí eile den chomhlacht bainistíochta agus/nó le sealbhóirí príomhfheidhme an eintitis faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí; agus a gcaidrimh ghairmiúla agus airgeadais leis an eintiteas faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí;

(h) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás inniúil eile measúnú cuí oiriúnach cheana féin agus faisnéis ar thoradh an mheasúnaithe,

(i) barúlacha ó fhoireann BCE nó ÚIN maidir le feidhmíocht an duine a ceapadh ina ról reatha nó in aon ról roimhe sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an nós imeachta cuí oiriúnach atá ann faoi láthair;

(j) faisnéis faoi iompar an duine a ceapadh sa ról reatha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs athmheasúnuithe.

IARSCRÍBHINN VII

Maoirseacht ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach

1. ÁBHAR, CINEÁL AGUS CUSPÓIR NA PRÓISEÁLA

I gcomhthéacs na maoirseachta stuamachta ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

(a) chun a áirithiú go gcomhlíonann eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach dlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear trasuite náisiúnta de, lena bhforchuirtear ceanglais stuamachta sna réimsí seo (i) cistí dílse, urrúsú, teorainneacha neamhchosaintí móra, leachtacht, giaráil, agus tuairisciú agus nochtadh poiblí faisnéise maidir leis na hábhair sin agus (ii) rialachas, lena n-áirítear próisis bainistithe riosca, sásraí rialaithe inmheánaigh, beartais agus cleachtais luacha saothair agus próisis éifeachtacha inmheánacha maidir le measúnú ar chaipiteal agus leordhóthanacht leachtachta, lena n-áirítear samhlacha inmheánacha atá bunaithe ar rátálacha;

(b) chun athbhreithnithe maoirseachta agus tástálacha struis a dhéanamh chun a chinneadh an gcomhlíonann eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach ceanglais ábhartha dhlí an Aontais agus, ar bhonn an athbhreithnithe maoirseachta sin, ceanglais shonracha agus bearta eile a fhorchur ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach sin;

(c) chun maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite ar mháithreacha eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach agus atá bunaithe i gceann de na Ballstáit rannpháirteacha, lena n-áirítear ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais (measctha), agus a bheith rannpháirteach i maoirseacht ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear i gcoláistí maoirseoirí gan dochar do rannpháirtíocht ÚINanna sna coláistí sin mar bhreathnóirí, i ndáil le máthaireintiteas nach bhfuil bunaithe i gceann de na Ballstáit rannpháirteacha;

(d) chun cúraimí maoirseachta a dhéanamh i ndáil le pleananna téarnaimh agus luath-idirghabháil;

(e) chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach;

(f) chun cumhachtaí maoirseachta arna ndeonú faoin dlí náisiúnta a fheidhmiú vis-à-vis eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, lena n-áirítear, i measc nithe eile, éadálacha sealúchas in institiúid neamhchreidmheasa nó in institiúid chreidmheasa lasmuigh den Aontas ag eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach a fhormheas, cumaisc nó díchumaisc institiúidí creidmheasa, sócmhainní nó dliteanais a fháil nó a dhíol, leasuithe ar reachtanna institiúidí creidmheasa, iniúchóirí seachtracha a cheapadh, iarrataí ar fhaisnéis agus tuarascálacha sonracha ó iniúchóirí seachtracha, tionscadail seachfhoinsithe, oibríochtaí i dtríú tíortha, cumhachtaí a fheidhmiú vis-à-vis scairshealbhóirí, creidmheas a dheonú do pháirtithe gaolmhara nó a theorannú dóibh, cinntí straitéiseacha agus grúpaí baincéireachta comharchumainn a bhunú;

(g) chun cumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú, vis-à-vis eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach, ar cumhachtaí iad a dheonaítear d'údaráis inniúla faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus Treoir 2013/36/AE, mar a chuirtear chun feidhme sa dlí náisiúnta iad.

2. BUNÚS DLÍ

Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1725 nó Airteagal 6(1), pointe (e), agus, i roinnt Ballstát, pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhar le hAirteagal 4(1), pointí (b), (d), (g) agus (i) agus Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

3. NA HÁBHAIR SONRAÍ

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí a phróiseáil:

(a) foireann eintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach;

(b) comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, custaiméirí agus a ráthóirí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, soláthraithe seirbhíse, sainchomhairleoirí agus iniúchóirí seachtracha d'eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna;

(c) foireann nó ionadaithe na gcomhlachas baincéireachta;

(d) foireann institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais agus na n-údarás náisiúnta agus idirnáisiúnta;

(e) tríú páirtithe eile, amhail daoine a dhéanann gearáin nó a chuireann isteach iarrataí ar fhaisnéis maidir le heintiteas faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna;

(f) ionadaithe údaraithe de chuid duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach.

4. NA CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR

Féadfar na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

(a) sonraí aitheantais, amhail ainm, cárta aitheantais/uimhir phas, náisiúntacht agus síniú;

(b) sonraí teagmhála, amhail seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin;

(c) sonraí gairmiúla a bhaineann le hoideachas, oiliúint, fostaíocht, agus poist eile an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach agus ag comhaltaí chomhlacht bainistíochta an eintitis faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán;

(d) sonraí gairmiúla a bhaineann le haon ghníomhaíochtaí gnó eile de chuid an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach;

(e) mionsonraí faoi thaifid choiriúla agus faisnéis faoi imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, imeachtaí ábhartha sibhialta agus riaracháin agus bearta araíonachta, lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus nósanna imeachta comhchosúla;

(f) sonraí airgeadais an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach;

(g) tuairisc ar na caidrimh phearsanta atá ag garghaolta an cheapaí i nós imeachta cuí oiriúnach le comhaltaí eile den chomhlacht bainistíochta agus/nó le sealbhóirí príomhfheidhme an eintitis faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí, agus a gcaidrimh ghairmiúla agus airgeadais leis an eintiteas faoi mhaoirseacht ina ndéantar an ceapachán, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí;

(h) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás inniúil eile measúnú cuí oiriúnacha cheana féin agus faisnéis faoi thoradh an mheasúnaithe sin;

(i) barúlacha ó fhoireann BCE nó ÚIN maidir le feidhmíocht an duine a ceapadh ina ról reatha nó in aon ról roimhe sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an nós imeachta cuí oiriúnach atá ann faoi láthair;

(j) faisnéis faoi iompar an duine a ceapadh sa ról atá acu faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs athmheasúnuithe;

(k) mionsonraí airgeadais, amhail i gcomhthéacs athbhreithniú ar chomhad creidmheasa custaiméara bainc nó i gcomhthéacs iasachta do chomhalta den chomhlacht bainistíochta nuair is gá réamhcheadú;

(l) taifeadadh fuaime ar ghuth an duine a ceapadh i nós imeachta cuí oiriúnach.